



2026/710

20.3.2026

CINNEADH (AE) 2026/710 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Márta 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na Moldóive arna bunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údarais áitiúla thofa Phoblacht na Moldóive a fhorghníú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile ⁽¹⁾ ('an Comhaontú'), i bhfeidhm an 1 Iúil 2016.
- (2) Aithnítear sa Bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú gealltanais na bPáirtithe athchóirithe agus próisis chomhfhogasaithe a thabhairt chun cinn i bPoblacht na Moldóive, bunaithe ar luachanna coiteanna, lena n-áirítear urraim don dea-rialachas.
- (3) Leagtar amach leis an gComhaontú na haidhmeanna maidir le hidirphlé polaitiúil, lena n-áirítear an urraim don dea-rialachas a threisiú, rud atá rithábachtach chun an caidreamh idir na Páirtithe a fheabhsú.
- (4) In Airteagal 4 den Chomhaontú maidir le comhar i ndáil leis an athchóiriú intíre, ceanglaítear ar na Páirtithe sa Chomhaontú oibriú i gcomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh a mbeartais inmheánacha bunaithe ar phrionsabail choiteanna, go háirithe cobhsaíocht agus éifeachtacht institiúidí daonlathacha.
- (5) Dírithear in Airteagal 47 den Chomhaontú ar an gcomhar a fheabhsú i réimse bhainistíocht an airgeadais phoiblí lena n-áirítear go bhforbrófar beartas buiséid agus córais iontaofa don smacht poiblí inmheánach agus don iniúchadh seachtach, arna ailíniú le bunphrionsabail na cuntasachta, na trédhearcachta, na heacnamaíochta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta.
- (6) Le hAirteagal 107 den Chomhaontú, ceanglaítear ar na Páirtithe comhthuisceant agus comhar déthaobhach a chur chun cinn i réimse an bheartais réigiúnaigh, lena n-áirítear modhanna foirmlithe agus cur chun feidhme beartas réigiúnach, lena n-áirítear rialachas agus comhpháirtíocht il-leibhéil, le béim ar leith ar cheantair faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt agus ar chomhar críochach, agus leis an gcuspóir bealaí cumarsáide a bhunú agus malartú faisnéise a fheabhsú idir na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, gníomhairí socheacnamaíocha agus an tsochaí shibhialta.
- (7) Le hAirteagal 140 den Chomhaontú, ceadaítear do Phoblacht na Moldóive páirt a ghlacadh i ngach gníomhaireacht de chuid an Aontais atá oscailte do rannpháirtíocht Phoblacht na Moldóive i gcomhréir leis na forálacha ábhartha lena mbunáitear na gníomhaireachtaí sin, inar comhlacht comhairliúcháin de chuid an Aontais é Coiste na Réigiún.
- (8) Leis an gComhaontú, cumhachtaítear an Chomhairle Comhlachais chun cinntí a ghlacadh, chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.
- (9) Le hAirteagal 439 (2) den Chomhaontú, déantar foráil gur bhféadfaidh an Chomhairle Comhlachais aon choiste nó comhlacht speisialta a chur ar bun i réimsí ar leith is gá do chur chun feidhme an Chomhaontaithe.
- (10) Tá an Chomhairle Comhlachais le cinneadh a ghlacadh maidir leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a chur ar bun agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údarais áitiúla thofa Phoblacht na Moldóive a fhorghníú,

⁽¹⁾ IO L 260, 30.8.2014, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2014/492/oj.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhlachais go dtacófar leis an bhFhochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú agus go ndéanfar bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údarais áitiúla thofa Phoblacht na Moldóive a fhorhhuiniú, agus beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle Comhlachais atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. .../2026 Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-POBLACHT NA MOLDÓIVE

an ...

a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile, agus bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla tofa Phoblacht na Moldóive a fhorhnuíú

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-POBLACHT NA MOLDÓIVE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile ('an Comhaontú'), agus go háirithe Airteagal 436 i gcomhar le hAirteagal 439 de,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is colún bunúsach den phróiseas um méadú é an tAthchóiriú ar an Riarachán Poiblí, agus go mbeidh sé rithabhachtach inniúlachtaí na n-institiúidí poiblí a threisiú chun go rachaidh Poblacht na Moldóive chun cinn ar chonair a lánpháirtithe san Aontas, agus go bhféadfadh idirphlé agus comhar idir na húdaráis áitiúla san Aontas agus iad siúd i bPoblacht na Moldóive a bheith ina rannchuidiú lárnach d'fhorbairt a gcaidreamh agus do lánpháirtiú Phoblacht na Moldóive san Aontas,
- (2) Léirítear le bunú Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí céim thábhachtach chun tosaigh i dtreisiú an chaidrimh idir an tAontas agus Poblacht na Moldóive agus i bhfeabhsú a n-idirphlé beartais sa réimse rithabhachtach seo, agus go dtreiseofaí an t-idirphlé díreach eatarthu trí bhunú Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus údaráis áitiúla tofa Phoblacht na Moldóive ('an Chomhchoiste Comhairliúcháin') a fhorhnuíú,
- (3) Ba cheart an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí bheith ina ardán d'idirphlé beartais straitéiseach agus ba cheart dó plé a éascú agus comhordú maidir le príomh-athchóirithe i réimse an riaracháin phoiblí agus go mbeidh ról lárnach aige san fhaireachán a dhéanfar ar chur chun feidhme an treochláir um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus i dtreoraíocht a thabhairt chun ailíniú le caighdeáin agus le dea-chleachtais an Aontais a áirithiú. Bheadh an Chomhchoiste Comhairliúcháin ina ardán chun dea-chleachtais an Aontais a roinnt maidir le rialachas áitiúil agus réigiúnach agus le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais ar an leibhéal críochach, agus dá bhrí sin go soláthrófaí foirm chobhsaí chomhsheasmhach chomhair le húdaráis áitiúla na Moldóive agus go dtabharfaí deis dóibh ról gníomhach a bheith acu trí chomhcheannas a bheith acu ar an gComhchoiste Comhairliúcháin agus trína chlár oibre a chomhchinneadh, agus trí mholtaí a eisiúint.
- (4) De bhun Airteagail 436 den Chomhaontú, tá sé de chumhacht ag an gComhairle Comhlachais cinntí a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.
- (5) De bhun Airteagail 439(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a chinneadh aon choiste nó comhlacht speisialta a chur ar bun i réimsí ar leith atá riachtanach chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme agus cinntiú sí comhdhéanamh, dualgaí agus feidhmiú na gcomhlachtaí sin.
- (6) Chun deis a thabhairt don phlé ar leibhéal na saineolaithe maidir leis na príomhréimsí a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, ba cheart an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus an Chomhchoiste Comhairliúcháin a bhunú,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

An Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí

1. Bunaítear leis seo Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí.
2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Rialacha Nós Imeachta an Choiste Comhlachais agus na bhFochoistí, a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2014 an 16 Nollaig 2014 ó Chomhairle Comhlachais AE-Poblacht na Moldóive, maidir leis an bhFochoiste um Athchóiriú an Riaracháin Phoiblí.
3. Féadfar raon feidhme an Fhochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a athrú trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe.

Airteagal 2

An Comhchoiste Comhairliúcháin

1. Leis seo, déantar bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin, ina mbeidh líon comhionann ionadaithe ó Choiste na Réigiúin, de pháirt, agus ionadaithe tofa d'údaráis áitiúla Phoblacht na Moldóive, den pháirt eile, a fhorhnuiniú.
2. Déanfaidh Comhchoiste Comhairliúcháin Phoblacht na Moldóive a ghníomhaíochtaí, ar a thionscnamh féin, d'fhonn idirphlé a chur chun cinn agus comhar idir na húdaráis áitiúla a chothú.
3. Glacfaidh an Comhchoiste Comhairliúcháin a Rialacha Nós Imeachta féin.
4. Féadfaidh an Comhchoiste Comhairliúcháin moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Comhlachais.
5. Is iad Coiste Eorpach na Réigiúin agus Rialtas Phoblacht na Moldóive a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le cruinnithe an Chomhchoiste Comhairliúcháin, lena n-áirítear eagrúcháin eagraíochta, rannpháirtíocht óna dtoscairí agus óna bhfoireann tacaíochta, chomh maith le costais taistil agus chothaithe.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

Thar ceann na Comhairle Comhlachais

An Cathaoirleach